Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2020 (OR. en)**

**10868/20**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0036(COD)**

**CLIMA 190**
**ENV 519**
**ENER 293**
**CODEC 819**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 563 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 563 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 563 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2020
COM(2020) 563 final

2020/0036 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 4 Márta 2020, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)[1].

An togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach, is cuid é de phacáiste níos leithne de bhearta uaillmhianacha a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2]. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, seoltar straitéis fáis nua don Aontas Eorpach a bhfuil sé mar aidhm léi an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil chun caighdeán maireachtála na nglún atá ann anois agus na nglún atá le teacht a fheabhsú, sochaí ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. Tá sé d'aidhm ag an straitéis caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair chomhshaoil agus aeráide. Athdhearbhaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip an uaillmhian atá ag an gCoimisiún go mbeidh an Eoraip ar an gcéad mhór-roinn le bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

Is é is aidhm don togra treoir a chur ar fáil trí chuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050 a chumhdach sa reachtaíocht, trí dheimhneacht agus muinín maidir le tiomantas an Aontais, mar aon le trédhearcacht agus cuntasacht, a fheabhsú.

Sa togra bunaidh, dúradh go ndéanfadh an Coimisiún plean ar a ndearnadh measúnú tionchair a chur i láthair faoi mhí Mheán Fómhair 2020 chun sprioc an Aontais maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do 2030 a mhéadú go 50 % ar a laghad agus go 55 % i gcomparáid le leibhéil 1990 ar bhealach freagrach, agus go molfadh an Coimisiún an togra a leasú dá réir sin. Léiríodh an méid sin in Airteagal 2(3) agus in aithris 17 den chéad togra ón gCoimisiún. Léirítear sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030 go bhfuil sé indéanta agus tairbhiúil sprioc an Aontais maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do 2030 a mhéadú go 55 % ar a laghad.

D'fhonn aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050, táthar ag beartú sprioc an Aontais maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do 2030 a mhéadú go 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990, lena n-áirítear astaíochtaí agus aistrithe. Modhnaítear leis an togra seo an chéad togra ón gCoimisiún (COM(2020) 80 final) chun an sprioc athbhreithnithe a chur san áireamh sa Dlí Aeráide Eorpach.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún, leagtar amach go mion an chomhsheasmhacht leis na forálacha beartais atá ann cheana. Sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030, leis an méadú ar an sprioc, tugtar le fios go mbeadh gá le hiarrachtaí i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i ngach earnáil, agus le feabhas a chur ar aistrithe, agus beidh gá le beartais éagsúla chun na hiarrachtaí agus na feabhsuithe sin a chumasú. Faoi mhí

[1] COM(2020) 80 final.
[2] COM(2019) 640 final.

an Mheithimh 2021, mar sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na hionstraimí beartais ábhartha uile, mar a leagtar amach in Airteagal 2a(2) den togra.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh nasctha le go leor réimsí beartais eile, toisc gur cheart go gcothódh gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais aistriú cóir chuig aeráidneodracht agus todhchaí inbhuanaithe, mar a thuairiscítear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún.

Thairis sin, tar éis an chéad togra ón gCoimisiún a ghlacadh agus de dheasca ráig an choróinvíris, bhí géarchéim sláinte poiblí agus turraing shocheacnamaíoch ann ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh. Deis uathúil atá sa fhreagairt beartais Eorpach ar COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh chun dlús a chur leis an aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe agus geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de agus mórthionchair na géarchéime a mhaolú ag an am céanna. Tá an togra comhsheasmhach leis na Teachtaireachtaí maidir le Next Generation EU[3] agus le buiséad fadtéarmach athchóirithe de chuid an Aontais[4], ar leag an Coimisiún plean téarnaimh uaillmhianach amach ann, lena dtreorófar agus lena dtógfar Eoraip atá níos inbhuanaithe, níos athléimní níos cothroime don chéad ghlúin eile. Sna Teachtaireachtaí agus sa bhuiséad sin, léirítear an tiomantas “gan aon dochar a dhéanamh” i ndáil lenár n-uaillmhianta aeráide agus comhshaoil, a áirithiú go gcaithfear an t-airgead i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus cuirtear dlús leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí an togra seo, an bunús dlí céanna atá leis an gcéad togra ón gCoimisiún.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún, déantar cur síos ar na breithnithe coimhdeachta agus comhréireachta. Tá na míniúcháin sin fós bailí i gcás na leasuithe atá beartaithe freisin, toisc nach féidir sprioc uile-Aontais ar fud an gheilleagair a shocrú ach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear togra COM(2020) 80 final ón gCoimisiún leis an togra seo. Is Rialachán é an ionstraim a roghnaíodh, mar a bhí an ionstraim a roghnaíodh don chéad togra ón gCoimisiún. Mínítear an rogha sin sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún.

---

[3] COM(2020) 456 final.
[4] COM(2020) 442 final.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún, déantar cur síos ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, amhail an comhairliúchán poiblí a rinneadh, an imeacht do pháirtithe leasmhara a d'eagraigh an Coimisiún nuair a bhí an Teachtaireacht "Pláinéad Glan do Chách"[5] á hullmhú agus an imeacht poiblí i mí Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip - an Dlí Aeráide Eorpach a chur chun feidhme.

Thairis sin, nuair a bhí an Plean um Sprioc Aeráide 2030 á ullmhú ag an gCoimisiún, rinne sé comhairliúchán poiblí ón 31 Márta go dtí an 23 Meitheamh 2020, comhairliúchán a fuair breis agus 4000 freagra ó réimse leathan páirtithe leasmhara. Sa tuarascáil achoimre[6], tugtar achoimre ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar an bplean.

- **Measúnú tionchair**

Chun tacú leis an Teachtaireacht "Pláinéad Glan do Chách", rinne seirbhísí an Choimisiúin grinnanailís[7]. Iniúchtar ann an dóigh a d'fhéadfaí an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 trí bhreathnú ar na príomhearnálacha eacnamaíocha uile, lena n-áirítear fuinneamh, iompar, tionsclaíocht agus talmhaíocht. Leis an measúnú sin agus an mheastóireacht ar an straitéis um oiriúnú de chuid an Aontais (2018), tacaítear leis an gcéad togra ón gCoimisiún, mar a shonraítear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra sin.

Na modhnuithe atá beartaithe ar an togra, baineann siad le sprioc 2030 an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Maidir leis an sprioc sin a mhéadú, rinne an Coimisiún measúnú tionchair[8] a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030.

- **Cearta bunúsacha**

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún, déantar cur síos ar na breithnithe maidir le cearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirtear na himpleachtaí buiséadacha i láthair sa ráiteas reachtach a ghabhann leis an gcéad togra ón gCoimisiún agus ní dhéanann an leasú seo difear dóibh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Na modhnuithe atá beartaithe ar na forálacha sa chéad togra maidir le Dlí Aeráide Eorpach, baineann siad le sprioc nua de chuid an Aontais do 2030 maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur isteach in Airteagal 2a(1) den togra. Cuirtear an fhoráil leasaithe sin in

5 COM(2018) 773 final.
6 SWD(2020) 178
7 Grinnanailís a thacaíonn le Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2018)773, https://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/docs/pages/com_2018_733_analysis_in_support_en_0.pdf
8 SWD(2020) 176

ionad Airteagal 2(3) den chéad togra, inar leagadh amach an próiseas as ar tháinig an leasú seo.

In Airteagal 2a(2) den togra athbhreithnithe, fógraítear próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear sprioc 2030 chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den chéad togra, Airteagal a aistrítear chuig an Airteagal 2a nua, agus ina gcuirtear isteach tagairt don sprioc 2030 nua.

Leasaítear Airteagal 1 den chéad togra freisin chun tagairt do sprioc nua 2030 a chur san áireamh i ndáil le raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach, agus rinneadh oiriúnú ar na haithrisí comhfhreagracha.

2020/0036 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)**

Leasaítear Togra (AE) 2020/80 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 17:

"Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip', rinne an Coimisiún measúnú ar sprioc 2030 an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ina Theachtaireacht 'Dlús a chur le huaillmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid - Infheistiú i dtodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de chun leas an phobail'[9], bunaithe ar mheasúnú tionchair cuimsitheach agus an anailís a dhéanfaidh sé ar na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus iad sin á gcur san áireamh aige. I bhfianaise an chuspóra aeráidneodrachta do 2050, ba cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith laghdaithe agus aistrithe gás ceaptha teasa a bheith feabhsaithe faoi 2030, ionas go ndéanfar na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa, is é sin líon na n-astaíochtaí gan aistrithe, a laghdú de 55 % faoi 2030, ar fud an gheilleagair agus ar bhonn intíre, i gcomparáid le leibhéil 1990. Is sprioc leantach chun críocha phointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999 é sprioc aeráide nua an Aontais do 2030, agus dá bhrí sin cuirtear í in ionad na sprice uile-Aontais do 2030 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, sprioc a leagtar amach sa phointe sin. Thairis sin, faoin 30 Meitheamh 2021, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid ba ghá reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear sprioc 2030 an Aontais chun feidhme a leasú chun laghduithe den sórt sin ar ghlanastaíochtaí a bhaint amach.";

(2) cuirtear an abairt seo a leanas leis an dara mír d'Airteagal 1:

"Leagtar amach ann freisin sprioc cheangailteach de chuid an Aontais do 2030 maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.";

(3) in Airteagal 2, scriostar míreanna 3 agus 4;

(4) cuirtear Airteagal 2a isteach mar a leanas:

---

9 COM (2020) 562

10 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

“*Airteagal 2a*

**Sprioc aeráide 2030**

1. Chun an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach, is é a bheidh i sprioc cheangailteach aeráide an Aontais do 2030 laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (líon na n-astaíochtaí gan aistrithe) i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030.

2. Faoin 30 Meitheamh 2021, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar reachtaíocht ábhartha an Aontais chun gur féidir an sprioc a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach agus breithneoidh sé ar na bearta is gá a dhéanamh, lena n- áirítear tograí reachtacha a ghlacadh, i gcomhréir leis na Conarthaí.”;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(2):

“2. Is é a bheidh mar phointe tosaithe ag an gconair sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 2a(1).”

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |